# Lá na hEorpa 2026 – Glao ar ghníomhaíocht do Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh
# ‘Cloisimis do thuairim féin faoi chúrsaí na hEorpa’

**Cén fáth arbh fhiú iarratas a dhéanamh?**

Déantar Lá na hEorpa a cheiliúradh gach uile bhliain an 9 Bealtaine. Tugtar urraim an lá sin don tsíocháin agus don aontacht san Eoraip. Is comóradh é ar Dhearbhú Schuman, dearbhú lenar leagadh síos an bhunchloch don Aontas Eorpach.

A chomhairleoir áitiúil an Aontais Eorpaigh, iarraimid ort páirt a ghlacadh i gceiliúradh na bliana seo trí thionscnamh áitiúil a eagrú agus trí shaoránaigh, daoine óga, piaraí agus páirtithe leasmhara a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann. Trí bhíthin na dtionscnamh áitiúil, tá an-mhisneach againn go n-éireoidh le Comhairleoirí Áitiúla an Aontais idirphlé a éascú, díospóireachtaí faoin Aontas a spreagadh agus an tAontas a thabhairt i gcóngar an tsaoil atá ann go háitiúil.

*Glac páirt sa tionscnamh. Féach thíos conas imeacht áitiúil a eagrú!*

**Cad is imeacht áitiúil ann?**

Tionscnamh fisiciúil/ar líne i bpearsa nó ar líne, a eagraíonn Comhairleoir Áitiúil de chuid an Aontais i bhfoirm **idirphlé áitiúil, seisiún de chuid an Aontais, ceardlann nó seisiún eolais nó aon fhormáid nuálach eile** (féach na sonraí thíos).
D’fhéadfaí na himeachtaí a dhíriú ar aon **tosaíocht théamach Eorpach** **nó** ar aon **bheartas AE** a bhaineann le do bhardas nó do réigiún féin. Ní mór gach imeacht a reáchtáil idir **an 7 agus an 16 Bealtaine 2026**.

**Cad is sprioc don imeacht áitiúil?**

Ba cheart don imeacht díospóireacht ar ghnóthaí an Aontais a spreagadh agus **smaoineamh nithiúil amháin ar a laghad a shainaithint do thodhchaí na hEorpa** bunaithe ar riachtanais agus ar thosaíochtaí do chríche. Iarrtar ar Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh (baill EULC) na príomhchonclúidí a chur isteach trí thuarascáil ghearr ar líne tar éis an imeachta. Rud eile a mholtar an t-imeacht a chur chun cinn ar na meáin shóisialta. Déanfaidh an Comhchoiste Stiúrtha do Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh na smaointe a bhaileofar ó d’imeachtaí agus ó fhormáidí nuálacha eile a mheas.

**Cén fhormáid?**

Féadfar imeachtaí a eagrú go fisiciúil nó go digiteach.
**I measc na bhformáidí inmholta tá:**

1. **An díospóireacht áitiúil**: beidh na cainteoirí agus na rannpháirtithe ag idirghníomhú le chéile i ndíospóireacht bhríomhar oscailte. Is é an sprioc atá ann a chinntiú go gcuirfidh siad leis an díospóireacht faoin Aontas. Molaimid duit ról a thabhairt do chomhaltaí CnaR ó do cheantar féin, d’ionaid EUROPE DIRECT, nó d’Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh.
   **An spriocphobal:** saoránaigh, polaiteoirí tofa áitiúla/réigiúnacha, daltaí meánscoile/ollscoile, cumainn, páirtithe leasmhara.

GA

2. **Seisiún Eorpach**: seisiún a thionóltar laistigh de do chomhairle bhardasach nó réigiúnach, agus dearbhú ina ndéantar achoimre ar na príomhchonclúidí ina dhiaidh sin b'fhéidir. Is féidir an dearbhú sin a chur san áireamh sa tuarascáil deiridh.
   **An spriocphobal:** baill de na comhairlí áitiúla agus de na comhairlí réigiúnda

3. **Ceardlann/Seisiún eolais**: cuir i láthair ghairide ar bheartais nó ar chláir an Aontais – go háirithe maidir leis an gclárthréimhse tar éis 2027 – agus plé oscailte ina dhiaidh sin.
   **Spriocphobal**: na saoránaigh, polaiteoirí tofa áitiúla/réigiúnacha, mic léinn, comhlachais, páirtithe leasmhara

4. **Formáid nuálach áitiúil:** formáid chruthaitheach nua de bhur rogha féin. Tá samplaí ó eagráin roimhe seo ar fáil mar inspioráid. Táimid sásta spás a thabhairt do scileanna cruthaitheachta agus cumarsáide comhairleoirí. Féach anseo gníomhaíochtaí eile de chuid Chomhairleoirí an Aontais do Lá na hEorpa, chun inspioráid a fháil.
   **Spriocphobal:** na saoránaigh, polaiteoirí tofa áitiúla/réigiúnacha, mic léinn, comhlachais, páirtithe leasmhara

Príomhcheanglais agus d'imeacht á dhearadh:

- Ná téadh an t-imeacht thar **90 nóiméad**
- Líon uasta na gcainteoirí: **4** (a bheag nó a mhór i gcás na bhformáidí nuálacha)
- Ba cheart **50 %** ar a laghad den imeacht a dhíriú ar idirghníomhaíocht leis an lucht féachana
- Go hidéalach, ba cheart do phainéal na gcainteoirí a bheith cothrom **ó thaobh na n-inscní de** agus an éagsúlacht na háite a bheith léirithe ann.
- Ní mór d'eagraithe gach **beart sláintíochta** atá i bhfeidhm ina dtír/réigiún a urramú

**Cé a fhéadfaidh cur isteach ar na cuairteanna staidéir sin?**

Ní féidir ach le comhaltaí de **Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais** Eorpaigh iarratas a dhéanamh.
Spreagtar comhpháirtíochtaí le húdaráis áitiúla, réigiúnacha, comhaltaí CnaR, lárionaid EUROPE DIRECT agus comhlachais éagsúla.

**Conas do thogra a chur isteach?**

Cuir isteach **an fhoirm seo a leanas** le sonraí faoi do thionscnaimh faoin **15 Aibreán 2026 (deireadh an lae).** Iarrfar ort an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- gearrchuntas ar an imeacht
- dréachtchlár oibre
- ainmneacha nó próifílí na gcainteoirí (lena n-áirítear aon chomhaltaí den Choiste, ionaid EUROPE DIRECT nó Ionadaíochtaí an Aontais lena mbaineann)

**Cad iad na freagrachtaí atá ar eagraithe na n-imeachtaí áitiúla?**

- **Freagracht iomlán as ábhar, eagrú, clár oibre, cainteoirí, ardú céime agus ardán/clárú ar líne**. Níl foireann Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh freagrach as aon ghnéithe eagrúcháin, lóistíochta nó ábhair
- **Ní mór duit gach uirlis dhigiteach** a úsáidtear le haghaidh imeachtaí ar líne/hibrideacha a roghnú agus a bhainistiú
- Ní mór **tuarascáil aiseolais ghearr** a chur isteach laistigh de sheachtain amháin tar éis an imeachta, agus tráth nach déanaí ná an **22 Bealtaine 2026**

**Cad is féidir le hinstitiúidí an Aontais a chur ar fáil?**

- **An t-imeacht a chur chun cinn** ar shuíomh gréasáin Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh, ar na meáin shóisialta, ar Info Flash agus ar Futurium
- **Ábhair bhrandála** (íomhánna, teimpléid)
- **Ábhair thaca** agus treoir maidir le do thionscnamh a eagrú arna iarraidh sin agus maidir le fíricí ginearálta faoin Aontas Eorpach
- **An deis rannpháirtíocht suas le beirt chomhaltaí de Choiste na Réigiún** mar chainteoirí a bheith ann más iarrtar sin, rud lena n-áiritheofar painéal cothrom ó thaobh inscne agus ionadaíocht pholaitiúil de. Luaigh ainmneacha na gcomhaltaí atá beartaithe ag CnaR i d'iarratas ionas gur féidir linn obair leantach a dhéanamh.
- **Féadfaidh Comhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh tacaíocht a iarraidh** freisin **ar shainchainteoirí ó líonra Team EUROPE DIRECT** atá gníomhach in 21 Bhallstát (an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an tSualainn). má theastaíonn an tacaíocht sin uait, déan teagmháil le hIonadaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh.

| **An glao chun gnímh i mbeagán focal** | |
|---|---|
| **Spriocdháta chun do thogra a chur isteach** | 15 Aibreán deireadh an lae |
| **Dáta d'imeachta áitiúil** | 7-16 Bealtaine |
| **Spriocdháta chun do thuarascáil aiseolais a chur isteach** | 22 Bealtaine faoi dheireadh an lae |
| **Cuspóir an imeachta** | Sainaithin smaoineamh nithiúil amháin ar a laghad ón tionscnamh **'Cloisimis uait féin faoin Eoraip'** lena léirítear tosaíochtaí do chríche agus lena dtugtar tuairisc ar ais d'fhoireann Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh |
| **Formáid na n-imeachtaí a mholtar** | 1. **Idirphlé áitiúil**<br>2. **Seisiún Eorpach i do chomhairle áitiúil nó réigiúnach**<br>3. **Ceardlann/Seisiún eolais**<br>4. **Formáid nuálach áitiúil** |
| **Cé leis a mbeidh siad ag obair?** | Molaimid duit teagmháil a dhéanamh le:<br>• Comhaltaí Choiste na Réigiún ó do réigiún féin<br>• Lárionaid Europe DIRECT i do cheantar féin<br>• Ionadaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh i do Bhallstát féin<br>• Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha i do cheantar féin (d'fhéadfadh sé go mbeidís in ann imeacht a óstáil)<br>• Cainteoirí Fhoireann EUROPE DIRECT (trí Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i do Bhallstát) |
| **An rud átáimid a chur ar fáil** | • Infheictheacht d'imeachta ar shuíomh gréasáin Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh, na meáin shóisialta, splanc eolais, |

| | |
|---|---|
| | Futurium<br>• Ábhair chumarsáide (íomhánna, treoir d’imeachtaí) |